HALO VENT™

Treoracha úsáide

INSTRUCTIONS AVAILABLE → TRANSLATION AVAILABLE → https://medicaldevicesinc.com/ifu/

Cur síos ar an táirge

Is feistí leighis iad Cóirithe Scaoilte Halo ina bhfuil brat hidreaghlóthaí greamaitheach agus brat greamaitheach (gan laitéis) ar a chúl. Níl aon substaint mhíochaine i gCóirithe Scaoilte Halo agus ní úsáidtear díorthaigh ó ainmhithe ná ó dhaoine lena ndéanamh. Tá Cóirithe Scaoilte Halo díonach ar leachtanna agus séalaíonn siad an chneá. Tá Cóirithe Scaoilte Halo beartaithe lena n-úsáid go dtí gur féidir an t-othar a iompar go hionad cúraim sláinte agus bainfear ansin iad chun measúnú a dhéanamh ar an othar agus chun iarchóireáil leighis a chur air.

Tásca úsáide

Tá Cóirithe Scaoilte Halo deartha chun cabhrú le cneácha cliabhraigh a chóireáil trí úsáid a bhaint as teicnící caighdeánacha úsáide cóirithe a chabhraíonn le freagróirí éigeandála agus gairmithe míochaine i suíomh réamh-ospidéil. Tá Cóirithe Scaoilte Halo deartha chun cneácha a chumhdach agus a chosaint. Ná húsáid an cóiriú in ionad uamanna nó príomh-mhodhanna dúnta cneá eile. Táirge aonúsáide atá i gCóirithe Scaoilte Halo. D'fhéadfadh sé a bheith ina chúis éillithe agus ionfhabhtaithe dá ndéanfaí iarracht Cóirithe Scaoilte Halo a athúsáid.

Úsáid bheartaithe/Cuspóir beartaithe

Is féidir aer a scaoileadh ó chneácha cliabhraigh le Cóirithe Scaoilte Halo. Cabhraíonn Cóirithe Scaoilte Halo chun niúmatóracs a chosc agus a bhainistiú. D'fhéadfadh tráma treáite sa chliabhrach a bheith ina chúis le niúmatóracs.

Próifíl othar

Beartaítear Cóirithe Scaoilte Halo lena n-úsáid in othair a bhféadfadh cneá cliabhraigh a bheith acu.

Modh úsáide

1. Glan agus triomaigh an craiceann.
2. Bain an cumhdach trédhearcach. Ná cuir an cóiriú ar dhromchla eile roimh é a chur ar an gcraiceann chun éilliú a sheachaint.
3. Cuir an Cóiriú Scaoilte Halo thar an gcneá agus an poll scaoilte os cionn na cneá agus an taobh ar a bhfuil an ghlóthach i dteagmháil leis an gcraiceann.
4. Brúigh go héadrom ar an séala – ná sín an cóiriú agus é á chur ar an gcraiceann.
5. Lean de mheasúnú a dhéanamh ar an othar agus de mhonatóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú an tséala scaoilte cliabhraigh. Déan monatóireacht ar an othar le haghaidh comharthaí sóirt niúmatóracs.

   Ar na comharthaí sóirt sin, tá:

   a. Pian ghéar sa chliabhrach, ráta anála ardaithe, giorra anála, taicéacairde, ráta ard croí agus an t-othar ar a shuaimhneas, nó brú fola íseal.

   b. Dath gorm nó drochdhath ar an gcraiceann, ar na beola, ar na hingne nó at san fhéith chuingealach – bolg ar na féitheacha ar thaobh na láimhe deise den mhuineál.
6. Scaoil an t-aer agus athshéalaigh an Cóiriú Scaoilte Halo más gá.
7. Más ann do chneácha cliabhraigh eile, lean céimeanna 1-4 le Cóiriú Scaoilte Halo eile.
8. Tabhair an t-othar chuig ionad cúraim éigeandála le haghaidh iarchóireáil leighis agus measúnú.
9. Déan an táirge a dhiúscairt tar éis a úsáidte i gcomhréir leis na treoirlínte áitiúla maidir le feistí leighis a dhiúscairt.

Please contact or report any serious incidents regarding this product to the manufacturer and regulatory authorities.

medicaldevicesinc.com

Medical Devices, Inc.
11501 Metro Airport Center Dr, STE 100, Romulus, MI 48174, USA
+1 (800) 828-4681
info@medicaldevicesinc.com

CE 2862

EC REP
Obelis s.a.
Bd. Général Wahis 53
1030 Brussels, Belgium
Tel: +(32) 2. 732. 59. 54
Fax: +(32) 2. 732. 60. 03

MDI Medical Devices, Inc.

Doc. No.: MAW-0563 rev04 Icelandic

Treoracha úsáide

INSTRUCTIONS AVAILABLE → TRANSLATION AVAILABLE → https://medicaldevicesinc.com/ifu/

Rabhaidh

- Ná bíodh bac ar an gCóiriú Scaoilte Halo de bharr mheáchan coirp an othair nó táirgí éigeandála eile mar d'fhéadfadh sé sin cur isteach ar an bhfeidhmíocht nó an fheidhmíocht a chosc.
- Cinntigh go ndéanann an Cóiriú Scaoilte Halo séala iomlán timpeall ar an gcneá chun an chneá a chosaint ar aer, leachtanna, agus smionagar. Daoine a bhfuil gortuithe cliabhraigh acu, ba cheart iad a thabhairt láithreach chuig ionad cúraim sláinte nó tráma chun measúnú a dhéanamh orthu.
- Ná húsáid Cóiriú Scaoilte Halo in ionad uamanna nó príomh-mhodhanna dúnta cneá eile.
- D'fhéadfadh sé a bheith ina chúis éillithe agus ionfhabhtaithe dá ndéanfaí iarracht Cóiriú Scaoilte Halo a athúsáid.
- Déan an táirge a dhiúscairt tar éis a úsáidte i gcomhréir leis na treoirlínte áitiúla maidir le feistí leighis a dhiúscairt.
- Ná cuir ar nithe atá ag gobadh amach ó chneá mar d'fhéadfadh sé an gortú a dhéanamh níos measa nó dochar a dhéanamh don pholl scaoilte.

Fritásca

Níl an táirge beartaithe lena úsáid tar éis obráide.

Saintréithe feidhmíochta

- Greamaíonn sé de dhromchla an chraicinn i ndianchúinsí agus i dteochtraon foircneach, fiú i gcás inarb ann do thaise, do shreabháin phleoracha agus/nó d'fhuil.
- Deartar an cóiriú chun séala éifeachtach a dhéanamh timpeall ar an gcneá lena cumhdach agus lena cosaint.
- Scaoileann sé aer ó chuas an chliabhraigh agus tá sé díonach ar leachtanna, aer agus smionagar ón timpeallacht sheachtrach a d'fhéadfadh dul isteach sa chneá.

Buntáistí cliniciúla

- Laghdaítear an riosca go rachadh aer, leacht nó smionagar isteach sa chneá agus go n-éilleofaí í.
- Soláthraítear am breise i gcásanna éigeandála chun an t-othar a thabhairt chuig ionad sláinte.
- Riosca laghdaithe niúmatóracs.

Maímh chliniciúla

- Déantar séala éifeachtach timpeall ar an gcneá, má úsáidtear an táirge de réir threoracha an mhonaróra.
- Díonach ar leachtanna, aer agus smionagar a d'fhéadfadh an chneá a éilliú.
- Scaoileann sé aer ó chuas an chliabhraigh, rud a laghdaíonn an riosca niúmatóracs.

Please contact or report any serious incidents regarding this product to the manufacturer and regulatory authorities.

medicaldevicesinc.com

Medical Devices, Inc.
11501 Metro Airport Center Dr, STE 100, Romulus, MI 48174, USA
+1 (800) 828-4681
info@medicaldevicesinc.com

CE 2862

EC REP
Obelis s.a.
Bd. Général Wahis 53
1030 Brussels, Belgium
Tel: +(32) 2. 732. 59. 54
Fax: +(32) 2. 732. 60. 03

MDI Medical Devices, Inc.

Doc. No.: MAW-0563 rev04 Icelandic